An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0042/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Athbhreithniú Tuarastal do Chúntóirí Riachtanas Speisialta faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2022 ("An Comhaontú")

## Cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá atá dlite ar an 1 Deireadh Fómhair 2023.

1. Is mian leis an Aire Oideachais údaráis bhainistíochta agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta a chur ar an eolas faoi na rátaí athbhreithnithe tuarastail agus liúntas de chuid ball foirne áirithe dá bhforáiltear in "Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua de chuid na Seirbhíse Poiblí 2021-2023", arna athbhreithniú.

2. Leagtar amach sa chiorclán seo na méaduithe atá dlite ón 1 Deireadh Fómhair 2023 mar leasú ar an gComhaontú.

## Méaduithe Tuarastail atá le cur chun feidhme faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart

3. Comhaontaíodh coigeartú pá €750 nó 1.5%, cibé acu is mó,tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart. Cuirfear an coigeartú sin chun feidhme le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023

4. De réir Chuid 3.1 den chomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart, méadófar tuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála faoi €750 nó 1.5%, cibé acu is mó, 1 Deireadh Fómhair 2023

5. Tá na scálaí tuarastail athbhreithnithe do na baill foirne lena mbaineann leagtha amach in Aguisín 1.

6. Tá na rátaí ócáideacha in aghaidh na huaire do chúntóirí riachtanas speisialta ceangailte in Aguisín 2.

7. Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023, glacfaidh téarmaí an Chiorcláin seo áit gach scála tuarastail is iníoctha le Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

8. Déileáfar le ró-íocaíochtaí i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorcláin 0084/2015 nó 0032/2016 do bhaill foirne atá fostaithe ag BOOanna.

## Pinsin atá á n-íoc

9. Comhaontaíodh prionsabal na paireachta pá i méaduithe pinsin do scéimeanna a bhí ann cheana suas go dtí deireadh na bliana 2023 ar aon dul leis an gcomhaontú leasaithe a rinneadh faoin gcomhaontú dar teideal 'Ag Dul Ó Neart go Neart'. Ba cheart méaduithe a chur ar aghaidh chuig pinsin de réir an bheartais sin.

10. Chun treoir bhreise a fháil, nó chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil pinsin atá á n-íoc faoi scéimeanna pinsean atá ann cheana le méadú stairiúil a fháil, féach an treoir atá i gCiorcláin 20/2017, 02/2018, 19/2019, 10/2021, 19/2022 agus 02/2023 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis na ciorcláin ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chur chuig pensions@per.gov.ie.

11. Déantar pinsin na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair') a uasrátáil ar aon dul leis an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí faoi réir treorach ar leith ón Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Dá bhrí sin, maidir le Scéime Pinsin Aonair atá á n-íoc i leith iarsheirbhísigh phoiblí a d'fhóin ag gráid a bhfuil feidhm ag an gCiorclán seo maidir leo, ní choigeartófar iad trí thagairt do na hathbhreithnithe ar an mbunphá atá leagtha amach i Rannán 3.

## Scaipeadh agus Fiosruithe

12. Déan cinnte de le do thoil go gcuirtear cóipeanna den chiorclán seo ar fáil do na comhaltaí uile den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirtear ar a bhfuil ann faoi bhráid na gCúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe agat, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh.

13. Is féidir rochtain a dhéanamh ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi https://www.gov.ie/ga/ciorclain/

14. Ba chóir fiosruithe maidir leis an gCiorclán seo a chur ar ríomhphost chuig NTSPayroll@education.gov.ie

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne
Seachtrach

Michael Donoghue
Príomhoifigeach
An Rannóg Párolla

18 Meán Fómhair 2023

**<u>Aguisín 1</u>**

**Cúntóirí Riachtanas Speisialta**[i]

| **Cúntóir Riachtanas Speisialta (Cúram Leanaí)** | **Rátaí ón 01/10/2023** | **Rátaí d'Iontrálaithe Nua ón 01/10/2023** |
|---|---|---|
| | € 29,748 | €27,632 |
| | € 30,598 | €29,330 |
| | € 31,835 | €29,748 |
| | € 33,077 | €30,598 |
| | € 34,321 | €31,835 |
| | € 35,222 | €33,077 |
| | € 36,244 | €34,321 |
| | € 37,428 | €35,222 |
| | € 38,269 | €36,244 |
| | € 39,444 | €37,428 |
| | € 40,625 | €38,269 |
| | € 42,850 | €39,444 |
| | | €40, 625 |
| | | €42, 850 |
| **Incrimint Fadseirbhíse *** | € 45,585 | €45, 585 |

***** *tar éis seirbhíse sásúla 3 bliana ag an uasmhéid*

**Aguisín 2**[ii]

**RÁTAÍ PÁ IN AGHAIDH NA hUAIRE DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA ÓCÁIDEACHA**

| Stádas Cúntóra Riachtanas Speisialta Ionaid | Ráta leanúnach ón 01/102023 | Ráta Saoire Bliantúil Reachtúil ó 01/10/2023 |
|---|---|---|
| Cúntóirí Riachtanas Speisialta a ceapadh ar nó roimh an 31 Nollaig 2010 | €16.39 | €1.43 |
| Cúntóirí Riachtanas Speisialta a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2011 | €15.23 | €1.32 |

*Is é seo luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a carnadh in aghaidh na huaire a oibríodh*

---

[i] Payroll Code SNA01 & SNA02

[ii] Payroll Code SNA03 & SNA04